
# 17. Seachtain na Leabhar

**A Léigh an scéal.**





Seachtain na Leabhar a bhí ann. Bhí na páistí ar bís. Gach lá chaith an rang fiche nóiméad tar éis an lóin ag léamh leabhair. Bhí comórtas ealaíne ar siúl agus rinne na páistí clúdach nua do sheanleabhar. Bhí comórtas filíochta ar siúl freisin agus scríobh gach páiste dán beag.



Ar an Luan, tháinig údar cáiliúil ar cuairt agus d'inis sé a scéal féin do na páistí. Bhí sé an-suimiúil. Ansin shínigh sé cúpla leabhar do na páistí. Bhain na páistí an-taitneamh as an lá.




Ar an Mháirt, bhí lá léitheoireachta ar siúl. Thug an rang cuairt ar an leabharlann sa bhaile mór. Thóg siad amach trí leabhar an duine. Nuair a chuaigh siad ar ais go dtí an scoil, shuigh siad síos agus thosaigh siad ag léamh. Ní dhearna siad aon obair eile an lá sin. 'Is breá liom a bheith ag léamh,' arsa Brian.




Bhí margadh leabhar ar siúl sa halla ar an gCéadaoin. Bhí gach saghas leabhar ar díol. Cheannaigh gach páiste leabhar nó dhó. Tháinig na tuismitheoirí go dtí an margadh leabhar an oíche sin. Cheannaigh siad cúpla leabhar freisin. Bhí gach duine ag léamh. Ní dhearna na páistí aon obair bhaile an oíche sin. Bhí áthas orthu.

Ar an Déardaoin, thug an múinteoir téama díospóireachta do na páistí:
**Is cur amú ama é an teilifís.**
Thosaigh na páistí ag ullmhú don díospóireacht.
Bhí Neasa, Rossa agus Colm ar fhoireann amháin.
Bhí Aoife, Dónal agus Cáit ar fhoireann eile.
'Is breá liom a bheith ag díospóireacht,' arsa Neasa.



Tar éis an lóin, sheas Neasa suas ar an ardán agus thosaigh sí ag caint.
'A mhúinteoirí, a chairde agus lucht an fhreasúra, is é mo thuairim gur cur amú ama é an teilifís.'
Thosaigh Rossa ag gáire mar chaith Neasa a lán ama ag féachaint ar an teilifís.



Ansin sheas Dónal suas agus dúirt sé
'Ní aontaím le Neasa.
Ní cur amú ama é an teilifís!'
Bhí an dá fhoireann ar fheabhas.
Thug na páistí eile bualadh bos dóibh.




Ar an Aoine, bhí bronnadh na nduaiseanna ar siúl agus tháinig na tuismitheoirí go léir go dtí an scoil.
Bhuaigh Óla an comórtas ealaíne agus bhuaigh Brian an comórtas filíochta.
Bhuaigh foireann Aoife an comórtas díospóireachta. Fuair na buaiteoirí go léir leabhar mar dhuais.
Bhain na páistí go léir an-taitneamh as Seachtain na Leabhar.

## B Cúpla ceist

1. Cén tseachtain a bhí ann?

______________________________

2. Céard a rinne na páistí tar éis an lóin gach lá?

______________________________

3. Cathain a tháinig an t-údar ar cuairt?

______________________________

4. Cé mhéad leabhar a thóg gach páiste as an leabharlann?

______________________________

5. Cá raibh an margadh leabhar ar siúl?

______________________________

6. Ar thug an príomhoide téama díospóireachta do na páistí?

______________________________

7. An raibh Siobhán ar fhoireann díospóireachta?

______________________________

8. Cén fáth ar thosaigh Rossa ag gáire?

______________________________

9. Cé a tháinig go dtí an scoil ar an Aoine?

______________________________


10. Cé a bhuaigh an comórtas ealaíne?

______________________________

## C Líon na bearnaí.

Bhain Bhuaigh Cheannaigh Ní dhearna Scríobh Shínigh

1. ______________ an peileadóir teilifís nua. 

 2. ______________ Tomás an rás inné.

3. ______________ an t-údar an leabhar sa leabharlann. 

 4. ______________ Naomh Bríd an clóca di.

5. ______________ Neasa agus Rossa aon obair bhaile aréir. 

 6. ______________ an múinteoir an obair bhaile ar an gclár bán.